



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2020*

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

Páipéar II

200 MARC

2 uair 20 nóiméad

*Treoracha d'íarrthóirí ar leathanach 3*

# **Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'íarrthóirí*

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.  
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

## **FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).**

**Ceist 1:**

LÉAMHTHUISCINT:

A (lch 4 & 5)

agus

B (lch 6 & 7)

**Ceist 2:**

PRÓS:

AINMNITHE (A) (lch 8)

nó

ROGNACH (B) (lch 9)

**Ceist 3:**

FILÍOCHT:

AINMNITHE (A) (lch 10 & 11)

nó

ROGNACH (B) (lch 12)

Freagair A agus B anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

### An tAthrú Aeráide

- Tá cúrsaí aeráide go mór i mbéal an phobail ar fud an domhain. Is éard is brí leis an téarma 'athrú aeráide' ná an t-athrú ar ghnáthphatrúin na haimsire in áit faoi leith le linn tréimhse áirithe ama. Tá athruithe ar na patrúin aimsire sa tír seo le blianta beaga anuas. Is minic a bhíonn aimsir eisceachtúil ann anois. Bhuaile Stoirm Ophelia an tír i mí Dheireadh Fómhair 2017. Shéid gálaí gaoithe diobhálacha ar fud na tíre. Thit báisteach an-trom. Dúnadh scoileanna agus ionaid oibre. Fágadh tithe gan leictreachas agus cuireadh seirbhísí iompair ar ceal. I samhradh 2018, bhí tonn teasa in Éirinn. Bhí an teocht os cionn an mheáin ar fud na tíre. Bhí triomach ann agus bhí an t-uisce gann.
- Is ceist mhór i saol an lae inniu é an t-athrú aeráide. Dar leis na heolaithe aeráide, tá an pláinéad ag éirí níos teo agus is é an méadú ar theocht an domhain is cúis leis an athrú aeráide. Leánn na hoighearchaidhpeanna ag an Mol Thuaidh nuair a ardaíonn teocht an domhain. Tagann ardú ar leibhéal na bhfarraigí agus tarlaíonn tulite. Anseo in Éirinn, tá athruithe le feiceáil ar na patrúin aimsire anois. Bíonn laethanta an tsamhraidh níos teo agus níos tirime, agus bíonn níos mó drochstoirmeacha ann sa gheimhreadh. Bíonn tionchar mór ag slí mhaireachtála daoine ar theocht an domhain agus ar an athrú aeráide.
- Cúis amháin atá leis an ardú ar theocht an domhain ná an t-ardú ar an méid den ghás dé-ocsáid charbóin ( $\text{CO}_2$ ) atá á scaoileadh amach san atmaisféar. Déantar dé-ocsáid charbóin ( $\text{CO}_2$ ) nuair a dhóitear breoslaí: gual, gás, móin, ola, peitreal agus díosal, mar shampla. Dóitear gual, gás, móin agus ola chun leictreachas agus teas a chur ar fáil

i dtithe agus i monarchana. Dóitear peitreal agus díosal sna hinnill i bhfeithicí agus in eitleáin. Nuair a dhóitear na breoslaí sin, scaoiltear dé-ocsáid charbóin ( $\text{CO}_2$ ) san atmaisféar agus éiríonn an pláinéad níos teo dá bharr sin. Cuirtear isteach ar theocht an domhain nuair a leagtar crainn. Glacann na crainn dé-ocsáid charbóin ( $\text{CO}_2$ ) isteach ón atmaisféar agus cabhraíonn sé sin leis an bpláinéad a fhuarú. Ach nuair a leagtar crainn, ní bhíonn siad ann níos mó chun an dé-ocsáid charbóin ( $\text{CO}_2$ ) a shú isteach ón atmaisféar. Tá dhá ghás eile ann a chuireann leis an méadú ar theocht an domhain: meatán agus ocsáid nítriúil. Is iad na hainmhithe ar fheirmeacha, na cairn aoiligh, agus leasachán talún ina bhfuil nítrigin a scaoileann na gáis sin san atmaisféar.



- Tá daoine óga ar fud an domhain ag teacht le chéile chun a n-imní faoi thodhchaí an phláinéid a chur in iúl. Tá clú agus cáil bainte amach ag Greta Thunberg, dalta scoile ón tSualainn. Tá Greta míshásta leis na polaiteoirí ar fud an domhain. Deir sí nach bhfuil siad ag dul i ngleic go macánta leis an athrú aeráide. Creideann sí nach bhfuil siad ag éisteacht leis na heolaithe. Deir sí go bhfuil na daoine óga ag brath ar na polaiteoirí chun an pláinéad a choinneáil slán. Spreag Greta stailceanna scoile ar fud

an domhain. Chuaigh na mílte dalta ar stailc chun a chur in iúl do na polaiteoirí go bhfuil siad buartha faoi scrios an phláinéid. I mí na Samhna seo caite, tháinig 157 duine óg le chéile i dTionól Aeráide na nÓg i nDáil Éireann. Ghlac siad páirt i ndíospóireachtaí faoi ghéarchéim na haeráide agus mholt siad bealaí chun an pobal a chur ar an eolas faoin athrú aeráide.

5. Tá bealaí éagsúla luaite i bplean aeráide an rialtais chun leibhéal an charbón san atmaisféar a íslíú sa thír seo faoin mbliain 2030. Beidh cánacha carbón le híoc ar úsáid breoslaí. Teastaíonn ón rialtas deireadh

a chur le córais teasa a dhónn gás agus ola. Beidh níos lú carranna díosail agus peitril ann, agus beidh níos mó carranna leictreacha ar na bóithre. Beidh scéimeanna ann chun níos mó crann a chur. Tabharfar isteach bealaí nua glasa san fheirmeoireacht. Is féidir le gach duine rudaí a dhéanamh ina shaol laethúil ar son an phláinéid. Is féidir soilse, teas agus uisce a shábháil nuair nach bhfuil gá leo. Is féidir a bheith ag siúl nó ag rotháocht níos minice. Má oibríonn gach duine le chéile, beidh seans níos fearr againn an pláinéad a thabhairt slán don chéad ghlúin eile.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

1. (a) Cad is brí leis an téarma ‘athrú aeráide’? (Alt 1)  
(b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin tonn teasa a bhí in Éirinn i samhradh 2018. (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Cad is cúis leis an athrú aeráide, dar leis na heolaithe aeráide? (Alt 2)  
(b) Tabhair **dhá** athrú atá le feiceáil ar na patrún aimsire anseo in Éirinn anois. (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** rud a tharlaíonn nuair a dhóitear na breoslaí: gual, gás, móin, ola, peitreal agus díosal. (Alt 3)  
(b) Luaigh **dhá** rud a scaoileann meatán agus ocsaíd nítriúil san atmaisféar. (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil Greta Thunberg míshásta leis na polaiteoirí ar fud an domhain. (Alt 4)  
(b) Cad iad an **dá** rud a rinne na daoine óga ag Tionól Aeráide na nÓg i nDáil Éireann i mí na Samhna seo caite? (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Tabhair **dhá** bhealach atá luaite i bplean aeráide an rialtais chun leibhéal an charbón san atmaisféar a íslíú sa thír seo faoin mbliain 2030. (Alt 5)  
(b) Scríobh síos **dhá** rud is féidir le gach duine a dhéanamh ina shaol laethúil ar son an phláinéid. (Alt 5) (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Mná agus an Spórt

- Ba mhinic a bhí mná na hÉireann chun tosaigh i gcúrsaí spóirt anuraidh. Bhí an rámhaí, Sanita Puspure, sa nuacht i mí Mheán Fómhair seo caite. Bhuaigh Sanita an bonn óir den dara huair as a chéile i gcomórtas an chéaslaire aonair i gCraobh an Domhain. Chomh maith leis sin, cháiligh sí do na Cluichí Olimpeacha i dTóiceo. Bhí an marcach, Rachael Blackmore, sa nuacht go minic anuraidh. Bhuaigh sí a céad rás i bhfíle mhór rásáiochta in Cheltenham. Bhí sí i measc na léim-mharcach gairmiúil ab fhearr anuraidh. Rinne foireann haca na mban gaisce i mí na Samhna seo caite nuair a d'éirigh leo áit a bhaint amach den chéad uair riamh sna Cluichí Olimpeacha i dTóiceo.
- Bhí spórt na mban in Éirinn chun deiridh ar spórt na bhfear ar feadh na mblianta. Ní bhíodh lucht féachana mór i láthair ag imeachtaí spóirt na mban. Ní bhíodh tuairiscí ar spórt na mban ar na meáin chumarsáide. Ní bhíodh tacaíocht cheart airgid ag spórt na mban ach oiread. Ach tá spórt na mban tagtha chun cinn go mór le blianta beaga anuas agus táthar ag súil leis go dtiocfaidh tuilleadh feabhas roimh dheireadh na bliana 2020 mar gheall ar an bhfeachtas náisiúnta 20 x 20. Seoladh an feachtas 20 x 20 in 2018 chun spórt na mban a chur chun cinn roimh dheireadh na bliana 2020.



Tá trí sprioc ag an bhfeachtas 20 x 20: go dtiocfadh méadú fiche faoin gcéad ar líon na mban a bhíonn páirteach sa spórt, méadú fiche faoin gcéad ar líon na ndaoine a bhíonn i láthair ag imeachtaí

spóirt na mban, agus méadú fiche faoin gcéad ar an gclúdach a dhéantar ar spórt na mban sna meáin chumarsáide.

- Tá peil Ghaelach na mban agus an chamógaíocht ag dul ó neart go neart ó cheann ceann na tíre. Tá clubanna do chailíní agus do mhná i scoileanna, i gcoláistí, i bparóistí agus i ngach contae sa tír. Tá fás mór tagtha ar an tacaíocht a fhraigheann peil na mban. Bhí níos mó ná caoga a sé míle duine i láthair ag cluichí ceannais pheil na mban i bPáirc an Chrócaigh anuraidh. Ba é sin an líon daoine ba mhó a d'fhreastail riamh ar na cluichí ceannais sin. Tá baint ag TG4 le cur chun cinn pheil na mban le beagnach fiche bliain anuas. Déanann TG4 urraíocht ar Chraobhchomórtais Pheil na mBan. Craoltar na cluichí beo ar TG4 agus, dá bharr sin, tá méadú leanúnach ar lucht féachana na gcluichí sin.
- Tá níos mó ban ná riamh ag obair ar chláir spóirtanois, mar láithreoirí, mar thráchtairí agus mar iriseoirí spóirt. Bhí clár RTÉ *The Sunday Game* daichead bliain ar an aer anuraidh. Fir ar fad a chuir an clár i láthair ó thosaigh sé sa bhliain 1979 go dtí gur roghnaíodh Joanne Cantwell mar láithreoir sa bhliain 2018. Tá mná eile ar fhoireann spóirt RTÉ a chuireann cláir i láthair, Evanne Ní Chuilinn agus Jacqui Hurley, mar shampla. Anuraidh, chuir Aoife Ní Chaiside trí chlár dar teideal *Mná Spóirt: Croí is Anam* i láthair ar TG4. Bhuaile sí le mná atá ina réaltaí móra spóirt. Ina measc, bhí Rena Buckley, laoch sa pheil Ghaelach agus sa chamógaíocht, agus Katie Mullan, an captain ar fhoireann haca na mban. Dúirt na réaltaí spóirt sin go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an spórt ina saol: cuireann siad aithne ar chairde nua sa spórt agus cuireann an spórt lena bhféinmhuinín.

<p>5. Tá mná spóirt againn anseo in Éirinn atá ina n-eiseamláirí iontacha. Duine de na heiseamláirí iontacha sin is ea an dornáláí, Katie Taylor. Bhí dhá chúis mhórtais ag Katie ag na Cluichí Olimpeacha i Londain in 2012. Bhí dornálaíocht na mban ina cluiche oifigiúil Olimpeach den chéad uair riamh agus bhuaigh Katie féin bonn óir sa dornálaíocht sna Cluichí Olimpeacha sin. Tá Katie ar dhuine de na dornálaithe gairmiúla is fearr ar domhananois. Spreag Katie go leor ban óg le tosú ag dornálaíocht. Ina measc sin, tá Kellie Harrington a bhuaigh bonn óir i gCraobh</p>	<p>an Domhain, agus Gráinne Walsh a bhuaigh bonn cré-umha i gCraobh na hEorpa. Fiche bliain ó shin, bhuaigh an lúthchleasaí, Sonia O’Sullivan, bonn airgid sa rás 5000 méadar sna Cluichí Olimpeacha in Sydney. Tá ardmheas uirthi i gcónaí mar gheall ar an méid a bhain sí amach sa lúthchleasaíocht. Tá súil againn go léir go n-éireoidh le cuid de mhná spóirt na linne seo gaisce a dhéanamh ina spórt féin agus go mbeidh siad ina n-eiseamláirí do na mná óga a bheidh ag glacadh páirte sa spórt sna blianta amach romhainn.</p>
--	---

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

1. (a) Scríobh síos an **dá** chúis a raibh an rámhaí, Sanita Puspure, sa nuacht i mí Mheán Fómhair seo caite. (Alt 1)
- (b) Cén gaisce a rinne foireann haca na mban i mí na Samhna seo caite? (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais a thaispeánann go raibh spórt na mban in Éirinn chun deiridh ar spórt na bhfear ar feadh na mblianta. (Alt 2)
- (b) Luaigh **dhá** sprioc atá ag an bhfeachtas 20 x 20. (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin líon daoine a d’fhreastail ar chluichí ceannais pheil na mban i bpáirc an Chrócaigh anuraidh. (Alt 3)
- (b) Conas atá peil na mban á cur chun cinn ag TG4 le beagnach fiche bliain anuas? (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi na láithreoirí ar chlár RTÉ *The Sunday Game*. (Alt 4)
- (b) Scríobh síos **dhá** rud a thaispeánann tábhacht an spóirt i saol na réaltaí ar na cláir *Mná Spóirt: Croí is Anam*. (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Tabhair an **dá** chúis mhórtais a bhí ag Katie Taylor ag na Cluichí Olimpeacha i Londain in 2012. (Alt 5)
- (b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin lúthchleasaí, Sonia O’Sullivan. (Alt 5) (10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Dís**

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

- (i) Tabhair **dhá** chúis a raibh bean Sheáin míshásta le Seán i dtús an ghearrscéil.
- (ii) Cén toradh a bhí ar an suirbhé, de réir an eolais ar an bpáipéar?
- (iii) Conas a mhothaigh bean Sheáin an mhaidin ar tháinig bean an tsuirbhé chuig an teach? Tabhair **dhá** chúis ar mhothaigh sí mar sin.
- (iv) Scríobh síos **dhá** rud a dúirt bean Sheáin le bean an tsuirbhé faoi na fir.
- (v) Cén sórt duine ba ea bean an tsuirbhé, dar leat? Tabhair **dhá** phointe eolais as an scéal.

(25 marc)

**(b) Oisín i dTír na nÓg**

‘Cuirim geasa ort nach bhfuilaingíonn fíorlaoch, a Oisín fhéil,’ arsa Niamh Chinn Óir,  
‘mura dtaga tú ar ais liom go Tír na nÓg.’ *Oisín i dTír na nÓg*

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharla d’Oisín ón am a d’imigh sé le Niamh Chinn Óir  
go Tír na nÓg go dtí gur fhill sé ar Éirinn.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Rognach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Rognach).

A	– FILÍOCHT AINMNITHE –	(50 marc)
---	------------------------	-----------

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Géibheann**

- (i) Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 1-8 sa dán. (Is leor dhá phointe eolais.) (8 marc)
- (ii) Conas a mhothaíonn an t-ainmhí sna línte 9-12 sa dán, dar leat? Tabhair dhá fháth, i d'fhocail féin, a mothaíonn sé mar sin. (8 marc)
- (iii) An bhfuil an t-ainmhí sásta sna línte 13-17 sa dán, dar leat? Cuir fáthanna, i d'fhocail féin, le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) (9 marc)

**Géibheann**

- 1.** Ainmhí mé  
ainmhí allta  
as na teochreasa  
a bhfuil clú agus cáil  
ar mo scéimh
- 9.** ach anois  
luím síos  
agus breathnaím trí leathshúil  
ar an gcrann aonraic sin thall
- 13.** tagann na céadta daoine  
chuile lá  
  
a dhéanfadh rud ar bith  
dom  
ach mé a ligean amach.

**(b) An tEarrach Thiar**

- (i) (a) Conas atá an aimsir i véarsa a haon?  
(b) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na mná i véarsa a trí.  
(c) Cén fhuaim atá le cloisteáil i véarsa a ceathair?

(8 marc)

- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den fhear a thugann an file dúinn i véarsa a dó. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

**An tEarrach Thiar**

Fear ag glanadh cré  
De ghímseán spáide  
Sa gciúineas shéimh  
I mbrothall lae:  
    Binn an fhuaim  
    San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh  
Cliabh dhá dhroim,  
Is an fheamainn dhearg  
Ag lonrú  
I dtaitneamh gréine  
Ar dhuirling bháin:  
    Niamhrach an radharc  
    San Earrach thiar.

Mná i locháin  
In íochtar diaidh-thrá,  
A gcótaí craptha,  
Scáilí thíos fúthu:  
    Támh-radharc síothach  
    San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna  
Ag maidí rámha,  
Currach lán éisc  
Ag teacht chun cladaigh  
Ar ór-mhuir mhall  
I ndeireadh lae;  
    San Earrach thiar.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Rognach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán nua-aimseartha rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

- (ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.  
Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

- (iii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?  
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)

- (b) (i) Maidir le **dán nua-aimseartha rognach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus** nár úsáid tú **i gcuid (a) thuas**, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

- (ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat.  
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.*

(2 mharc)